2025.M87T

2025L008A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

Dé Luain 23 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsail dathadóireachta a úsáid **ach amháin** i líníochtaí nó i léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar fad sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise den sórt sin go soiléir le huimhir agus le cuid na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir rud ar bith a scríobhfaidh tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

**Roinn A** Ceisteanna Spreagtha 200 marc

- Freagair **gach** ceist a chuirtear i láthair.

Tá íomhánna le haghaidh Cheisteanna 1, 2, 5, 7, 9 agus 10 i Roinn A ar **Pháipéar X** a ghabhann leis an scrúdpháipéar seo.

**Roinn B** Freagraí Fada 200 marc

- Freagair Ceist 11. (120 marc)
- Freagair ceist **amháin** as Ceisteanna 12-16. (80 marc)

Is ceadmhach líníochtaí, léaráidí, srl., a tharraingt, nuair is cuí, sa spás bán lena n-aghaidh ar lch. 14 i Roinn A agus lch. 22 agus 27 i Roinn B.

| Roinn A | Ceisteanna Spreagtha | 200 marc |
|---|---|---|

Freagair na **deich** gceist a leanas go léir. Tá fiche marc ag gabháil le gach ceist acu.
Féach ar na híomhánna ar **Pháipéar X** mar a threoraítear i gCeisteanna 1, 2, 5, 7, 9 agus 10.

**Ceist 1** **(20 marc)**

In Íomhá A léirítear dealbhóireacht de Laocoön agus a mhic as an *Aeinéid* le Veirgil.

**(a)** Cuir tic sa bhosca cuí i ngach cás le taispeáint an bhfuil na ráitis seo Fíor **nó** Bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Chreid Laocoön gur drochthuar a bhí i gCapall Adhmaid na Traí. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Sagart de chuid Apalló ba ea Laocoön. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Sheol Iúpatar nathracha nimhe chun pionós a ghearradh ar Laocoön. | ☐ | ☐ |

**(b)** An bhfuil comhbhá agat le Laocoön? Bíodh fianaise agat ón *Aeinéid* le Veirgil **agus** Íomhá A mar thacaíocht le do fhreagra.

**(c)** Tabhair cuntas ar shampla de lámh Dé san *Odaisé* le Hóiméar.

**Ceist 2** **(20 marc)**

In íomhá B léirítear íomhá fhísiúil de struchtúr Leabhair 10-12 san *Odaisé* le Hóiméar.

**(a)** Tabhair ainm na teicníce scéalaíochta a léirítear go físiúil in Íomhá B.

**(b)** Anseo thíos tá teicnící scéalaíochta eile a úsáidtear san fhilíocht eipiciúil. Críochnaigh an tábla thíos agus scríobh isteach an uimhir in aice le gach teicníc sa bhosca atá taobh lena sainmhíniú.

1. buafhocal 2. samhail 3. ecphrasis 4. in medias res

| Sainmhíniú | Uimhir |
|---|---|
| Comparáid idir rud amháin agus rud eile de chineál difriúil | |
| Nuair a thosaíonn an scéal i lár na hinsinte | |
| Focal nó frása a léiríonn comhartha sóirt/sainghné | |
| Cur síos mionsonraithe ar shaothar amharcealaíne | |

**(c)** Mínigh conas a chuireann ceann **amháin** de na teicnící thuas leis an scéalaíocht san *Odaisé* le Hóiméar **nó** san *Aeinéid* le Veirgil. Bíodh sampla **amháin ar a laghad** ón téacs mar thacaíocht le do fhreagra.

**Ceist 3** **(20 marc)**

Léigh an sliocht thíos a tógadh as Leabhar 1 den *Aeinéid* le Veirgil.

Ós rud é go gcreimeann an trioblóid seo mo chroí, labhróidh mé agus osclóidh mé amach scrolla rúnda na cinniúna – fearfaidh an mac seo de do chuid cogadh mór san Iodáil, scriosfaidh sé ciníocha mórtasacha, agus bunóidh dlíthe agus ballaí cathrach dá chuid trodairí.... Ach maidir leis an mbuachaill Ascanius, ar Iulus ba shloinne dó – ba é Ilus é nuair ab ann don ríocht Iliach – rialóidh sé go hiomlán go ceann tríocha timthriall mhóra de chasadh na míonna, agus aistreoidh sé a ríchathaoir óna láthair i Lavinium, atá tréan ina chumhacht, agus tógfaidh sé ballaí Alba Longa... Ón bhfoinse ghlórmhar seo béarfar Caesar Traíoch, a chríochóidh an impireacht le hAigéan...

**(a)** Cé atá ag labhairt sa sliocht seo **agus** cé leis a bhfuiltear ag labhairt?

| Cainteoir: | An té a bhfuiltear ag labhairt leis: |
|---|---|

**(b)** Cén fáth a bhfuil bolscaireacht Ágastach tábhachtach chun an *Aeinéid* le Veirgil a thuiscint?

**(c)** Tabhair sampla **amháin** eile ina n-úsáideann Veirgil bolscaireacht san *Aeinéid*. Mínigh tábhacht na bolscaireachta seo don pholasaí Ágastach.

**Ceist 4** **(20 marc)**

Tógadh Sliocht A as *Méidé* le hEoiripidéas agus tógadh Sliocht B as *Philoctetes* le Sofaicléas.
Cuir tic sa bhosca taobh leis an sliocht ón dráma a roghnaigh tú: Sliocht A **nó** Sliocht B.

**Sliocht A:** *Méidé* le hEoiripidéas ☐

An gceapann tú go ndéanfainn lútáil chomh mór sin ar an bhfear seo,
Ach amháin chun mo chuspóirí a bhaint amach, mo scéimeanna a chur i gcrích?
Oiread agus teagmháil amháin, oiread agus focal: ach eisean – ó nach amadán é!
Dá ndíbreodh sé mé ar an toirt d'fhéadfadh sé mé a shárú
Go huile is go hiomlán; ina ionad sin, ligeann sé dom fanacht lá amháin.

**Sliocht B:** *Philoctetes* le Sofaicléas ☐

"Tá a fhios agam, a bhuachaill liom, nach é do nádúr é
Éitheach a thabhairt nó bheith i do Thadhg an dá Thaobh.
Ach is duais is fiú a bhaint é an bua. Cuir ina luí ort féin é a dhéanamh. Cruthóimid ár macántacht ar ball.
Anois, go ceann cúpla uair an chloig, fág tú féin faoi mo chúram agus lig uait do scrupaill.
Ansin, go deo na ndeor, tugtar an fear is mó eagla Dé sa saol ort!"

**(a)** Cad é an frása nó an abairt is tábhachtaí a réamhchomharthaíonn forbairt an phlota sa sliocht a roghnaigh tú, dar leat? Mínigh do fhreagra le hanailís ar an dráma.

**(b)** Mínigh go hachomair conas a thugann an sliocht a roghnaigh tú léargas ar charachtar an chainteora.

**Ceist 5** **(20 marc)**

In Íomhá C agus Íomhá D léirítear siamsaíocht Rómhánach de chineálacha éagsúla.

**(a)** Cén fáth a nglacfadh duine páirt sna cineálacha siamsaíochta contúirteacha seo, dar leat?

**(b)** Déan cur síos ar eispéireas an lucht féachana ag an gColasaem **agus** an Circus Maximus.

**Ceist 6** **(20 marc)**

Baineann an sliocht thíos le polaiteoir Rómhánach.

> Ní raibh aon srian lena chuid caiteachais, agus ceapadh go raibh cáil ghearrshaolach á ceannach aige ar phraghas ard, ach i bhfírinne bhí rudaí den luach ab airde á gceannach aige ar chostas íseal. … Le linn a aeidíleachta, fuair sé trí chéad fiche péire gliaire, agus trí sholáthar rábach a dhéanamh le haghaidh léirithe drámaíochta, mórshiúlta, agus féastaí poiblí, scuab sé chun siúil gach cuimhne ar iarrachtaí uaillmhianacha na ndaoine a bhí sa phost roimhe. Ar na bealaí seo ba é an tionchar a d'imir sé ar ghiúmar an phobail go raibh gach duine ag féachaint le poist nua a thabhairt dó agus gradaim nua a bhronnadh air.

**(a)** Pléigh an tábhacht pholaitiúil a bhí leis an tsiamsaíocht Rómhánach, le fianaise ón sliocht seo **agus** an staidéar atá déanta agat ar an mórthaibhsiú Rómhánach.

**(b)** An dóigh leat go mbaineann tábhacht pholaitiúil le saghsanna siamsaíochta poiblí nua-aimseartha? Tabhair cúis le do fhreagra.

**Ceist 7** **(20 marc)**

In Íomhá E léirítear leathnú impireacht Alastair Mhóir.
In Íomhá F léirítear an leathnú a rinne Iúil Caesar ar chríoch na Róimhe.

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** Mínigh **trí** straitéis a d'úsáid Alastar Mór chun a impireacht a leathnú. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do straitéisí polaitiúla **agus** míleata.

**NÓ**

**(b)** Mínigh **trí** straitéis a d'úsáid Iúil Caesar chun a chuid cumhachta a leathnú sa Róimh. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do straitéisí polaitiúla **agus** míleata.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 8** **(20 marc)**

Roghnaigh Slíocht A **nó** Sliocht B agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.
Cuir tic sa bhosca in aice an tsleachta a roghnaigh tú.

**Sliocht A**: Airrianas, *Alastar Mór* ☐

Ina theannta seo bhí finscéal ann faoin vaigín, go mbeadh aon duine a scaoil snaidhm na cuinge [an tSnaidhm Ghoirdiach] i gceannas ar an Áise. Ba de choirt na conbhaiscne í an tsnaidhm, agus ní fhéadfá a fheiceáil cár thosaigh sí nó cár chríochnaigh sí. Ní raibh Alastar ábalta a fháil amach conas an tsnaidhm a scaoileadh ach ní raibh fonn air go bhfágfaí ceangailte í, ar eagla go spreagfadh sin achrann i measc na cosmhuintire; deir roinnt daoine gur bhuail sé lena chlaíomh í, gur ghearr an tsnaidhm, agus go ndúirt go raibh sí scaoilte anois—ach deir Arastabúlas gur thóg sé amach pionna an chuaille, bolta a bhí brúite díreach tríd an gcuaille, a choinnigh an tsnaidhm le chéile, agus ar an gcaoi sin gur bhain sé an chuing den chuaille. Ní féidir liom a rá go muiníneach cad é a rinne Alastar i ndáiríre mar gheall ar an tsnaidhm seo, ach is cinnte gur fhág seisean agus a chompánaigh an vaigín agus an tuiscint acu go raibh an t-oracal faoi scaoileadh na snaidhme comhlíonta, agus mar a tharla sé bhí toirneach agus tintreach ann an oíche sin, comhartha breise ó neamh; mar altú an lá dár gcionn mar sin rinne Alastar íobairt do cibé déithe a thaispeáin na comharthaí agus an tslí chun an tsnaidhm a scaoileadh.

**Sliocht B**: Plútarc, *Iúil Caesar* ☐

Ar a aistear ar ais, ghabh píoráidí Caesar. Ar dtús, mar sin, nuair a d’éiligh na píoráidí fiche tallann mar airgead fuascailte dó, rinne sé gáire leo as gan a fhios a bheith acu cé a bhí mar chime acu, agus as a stuaim féin thoiligh sé caoga ceann a thabhairt dóibh. Tar éis dó daoine éagsúla dá lucht leanta a chur chuig cathracha éagsúla chun an t-airgead a fháil agus gur fágadh é le cara amháin agus beirt fhreastalaithe i measc lucht na Cilice, an fear sin ba dhúnmharfaí thar chách, bhí an oiread dímheasa aige orthu go n-ordaíodh sé dóibh stopadh de bheith ag caint aon uair a luíodh sé síos chun codlata … Scríobh sé dánta agus óráidí éagsúla a léigh sé os ard dóibh, agus iad sin nach raibh meas acu orthu seo, deireadh sé lena n-aghaidh nach raibh léamh ná scríobh acu, agus ba mhinic a bhagair sé orthu le gáire go gcrochfadh sé an t-iomlán acu. Chuir sé seo ríméad ar na píoráidí, agus chuir siad a dhánacht chainte síos do shimplíocht áirithe agus sult óigeanta. Ach tar éis dá airgead fuascailte teacht ó Mhiléatas agus gur íoc sé é agus gur scaoileadh saor é, chuaigh sé i mbun soitheach láithreach agus chuir sé chun farraige ó chuan Mhiléatas i gcoinne na robálaithe. Rug sé orthu, freisin, iad fós ar ancaire amach ón oileán, agus chuir sé an chuid ba mhó acu faoina smacht.

**(a)** Cén **dá** thréith a nochtann an sliocht a roghnaigh tú faoi charachtar Alastair **nó** Chaesair? Tacaigh le do fhreagra le hanailís ar an sliocht a roghnaigh tú.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den fhreagarbhosca seo ar an gcéad leathanach eile →*

**(b)** Mínigh cé acu an gceapann tú gur foinsí iontaofa maidir le hAlastar **nó** Caesar iad na húdair ársa. Tagair don fhriotal sa sliocht a roghnaigh tú **agus** don staidéar a rinne tú ar théacsanna eile.

**Ceist 9** **(20 marc)**

In Íomhá G léirítear péintéireacht vása Shean-Ghréagach de bhean óg ag fágáil bronntanas ag leac uaighe.

**(a)** Ainmnigh **ceithre** rud a d'fhágadh na Sean-Ghréagaigh mar bhronntanais ar nó in uaigheanna.

| | |
|---|---|
| 1. | 2. |
| 3. | 4. |

**(b)** Samhlaigh gur tusa an bhean óg in Íomhá G. Mínigh an fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach bronntanais a thabhairt chuig tuama an duine Shean-Ghréagaigh.

**(c)** Cén fáth, dar leat, go raibh róil shonracha ag mná i gcleachtais sochraide na Sean-Ghréige **nó** na Sean-Róimhe? Mínigh do fhreagra.

**Ceist 10** **(20 marc)**

Atógáil dhigiteach ar fhoirgneamh sa tSean-Ghréig is ea Íomhá H.

**(a)** Cén saghas foirgnimh a léirítear in Íomhá H?

| |
|---|
| |

**(b)** Déan cur síos ar **cheithre** ghné ailtireachta difriúla den fhoirgneamh a léirítear in Íomhá H.
Tig leat líníocht nó léaráid lipéadaithe a úsáid i do fhreagra sa spás ar an gcéad leathanach eile.

| Ainm ghné ailtireachta 1: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

| Ainm ghné ailtireachta 2: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

| Ainm ghné ailtireachta 3: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

| Ainm ghné ailtireachta 4: |
|---|
| Cur síos: |
| |
| |
| |

Spás Freagartha le haghaidh sceitsí, léaráidí, roghnacha etc.

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Cuirtear tús le Roinn B – Freagraí Fada – ar lch. 16.

| Roinn B | Freagraí Fada | 200 marc |
|---|---|---|

**Ceist 11** **(120 marc)**

Léigh an sliocht a leanas as *Óid 3.29* le Horáit agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tuarann Dia gach tráth atá le teacht agus ceileann
an méid a thiocfaidh faoi cheo agus dorchadas.
Bíonn meangadh air má dhéanann daoine daonna
an iomarca imní.

Bí cinnte go gcaitheann tú go calma
leis an méid atá anseo. Gluaiseann gach ní eile
thar bráid mar abhainn, ag sleamhnú go síochánta anois
i lár an chainéil síos go dtí muir na Tuscáine…

Beidh fear sona agus i bhfeighil ar a shaol
más féidir leis a rá ag deireadh gach lae,
'Chaith mé saol'. Amárach féadfaidh an tAthair Iúpatar
an spéir a líonadh le scamall dorcha

nó solas gréine gan néal, ach ní iompóidh sé
nithe na haimsire caite ina neamhní,
ná ní chlaochlóidh ná ní chealóidh sé
an méid a thug uair na heitilte léi.

**(a)** Freagair cuid (i) **agus** cuid (ii). (40 marc)

**(i)** Sa dán seo, conas a thaispeánann Horáit an gaol idir an cinneadh daonna agus toil Dé? Tacaigh le do fhreagra le hanailís ar **dhá** fhrása nó abairt **ar a laghad**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den fhreagarbhosca seo ar an gcéad leathanach eile →*

**(ii)** An aontaíonn tú le teachtaireacht an dáin seo? Mínigh do fhreagra.

**(b)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas. (80 marc)

**(i)** Conas a spíonann *Crito* Phlatóin an coincheap 'saol maith a chaitheamh' nuair is gá aghaidh a thabhairt ar dhosheachantacht an bháis? Tacaigh le do fhreagra le samplaí ón téacs.

**NÓ**

**(ii)** An dóigh leat go bhfuil tuairimí Shócraitéas faoi 'saol maith a chaitheamh' ábhartha inniu? Mínigh do fhreagra agus úsáid samplaí as *Crito* le Platón.

**NÓ**

**(iii)** Déan comparáid idir coincheap Shócraitéas den cheartas in *Crito* le Platón agus mar a léirítear an ceartas in aon téacs eile a bhfuil staidéar déanta agat air ar do chúrsa.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid:

Freagra ar Cheist 11 (b), cuid

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí, roghnacha etc.:

Freagair ceann **amháin** de na cúig cheist thíos anseo. **(80 marc)**

**Ceist 12**

Freagair (a) **agus** (b).

**(a)** Mínigh an coincheap dá bhfuil i gceist le bheith 'sibhialta' agus 'barbarach' sa domhan Gréag-Rómhánach.

**(b)** Pléigh an coincheap seo maidir le téacs **amháin ar a laghad** a ndearna tú staidéar air. Tig leat ábhar a úsáid as **ceann ar bith** de na ceithre shnáithe ar do chúrsa.

**NÓ**

**Ceist 13**

Measúnaigh an tábhacht shibhialta, pholaitiúil, shóisialta agus reiligiúnach a bhain le teampall **amháin ar a laghad** ar do chúrsa.

**NÓ**

**Ceist 14**

An gcuireann Odaiséas a leas féin nó leas a chuid fear chun tosaigh san *Odaisé* le Hóiméar, dar leat? Cosain do fhreagra le fianaise ón *Odaisé*.

**NÓ**

**Ceist 15**

Meas an straitéis, na teaictící agus an toradh a bhí ar chomhrac míleata mór **amháin ar a laghad** le hAlastar Mór **nó** Iúil Caesar.

**NÓ**

**Ceist 16**

> "Is é atá sa Traigéide, léiriú ar ghníomh atá dáiríre, iomlán agus a bhfuil ollmhéid áirithe ann. Cuireann an Traigéide catairsis chuí na mothúchán chun feidhme trí thrua agus eagla." (Arastatal)

Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat don staidéar atá déanta agat ar an Traigéide Shean-Ghréagach. Tacaigh le do fhreagra le hanailís ar an téacs **agus/nó** ón léiriú ar *Méidé* le hEoiripidéas **nó** *Philoctetes* le Sofaicléas.

Spás don Phleanáil más rogha leat é a úsáid:

Freagra ar Cheist

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí roghnacha, etc.:

Spás freagartha breise:

Spás freagartha breise:

Spás freagartha breise:

## Admhálacha:


### Téacsanna

Lch. 5: Virgil. *The Aeneid.* Trans. David West. London: Penguin Books, 2003.

Lch. 6: Euripides. *Medea.* Trans. Philip Vellacott. London: Penguin Books, 1963.
Sophocles. *Philoctetes*. Trans. David Raeburn. London: Penguin Books, 2008.

Lch. 8: Plutarch. *Lives, Caesar.* Trans. Bernadotte Perrin. Loeb 1969.

Lch. 10: Sliocht A: Arrian, *Anabasis* 2.3. Trans. P. A. Brunt. Loeb 1976.
Sliocht B: Plutarch. *Lives, Caesar* 2-3. Trans. Bernadotte Perrin. Loeb 1969.

Lch. 16: Horace. *The Complete Odes and Epodes*. Trans. David West. Oxford 1997 (adapted)

Lch. 23: Aristotle. *Poetics.* adapted from https://www.britannica.com/art/tragedy-literature/Theory-of-tragedy


Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Léann Clasaiceach

Dé Luain 23 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30